Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**8086/25**

**EDUC 112**
**SOC 223**
**DIGIT 63**
**EMPL 143**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Ról Aontas na Scileanna maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a neartú<br>- *Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, mar ullmhúchán don díospóireacht bheartais a thionólfar sa Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) an 12 Bealtaine 2025.

**Ról Aontas na Scileanna maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a neartú**

Tá an t-oideachas agus forbairt scileanna i gcroílár chlár oibre eacnamaíoch agus sóisialta an Aontais Eorpaigh. Chun iomaíochas na hEorpa agus a hathléimneacht eacnamaíoch agus dhaonlathach a neartú, agus ionas go mbeidh nadeiseanna céanna ag cách rochtain a fháil ar oideachas, ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar phoist ardcháilíochta, tá Aontas na Scileanna tugtha isteach ag an gCoimisiún Eorpach, tionscnamh straitéiseach arb é is aidhm dó feabhas a chur ar an oideachas, ar an oiliúint agus ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.

I bhfís an Choimisiúin, leagann Aontas na Scileanna an t-oideachas agus scileanna amach mar uirlis beartais straitéiseach lánfheidhme iomlánaíoch le haghaidh iomaíochas eacnamaíoch agus chobhsaíocht an Aontais.

Le hAontas na Scileanna, tugtar isteach dhá phríomhthionscnamh a bhaineann leis an oideachas:

- plean gníomhaíochta um bunscileanna, lena ndírítear ar fheabhas a chur ar bhunscileanna sa litearthacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht, agus ar scileanna digiteacha agus saoránachta freisin;
- plean straitéiseach um oideachas ETIM, lena bhféachtar le borradh a chur faoi inniúlacht agus faoi ghairmeacha san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (ETIM).

Díríonn Aontas na Scileanna ar cheithre shraith chun a áirithiú go mbeidh an deis ag gach duine bonn láidir scileanna a fhorbairt agus páirt a ghlacadh in uas-sciliú agus athsciliú ar feadh an tsaoil ar mhaithe le saol sásúil. Is iad seo a leanas na ceithre shnáithe:

- scileanna a fhorbairt chun a áirithiú go mbeidh saol agus poist ardcháilíochta ag cách trí bhonn láidir oideachais, le tionscnaimh chun oideachas agus scileanna a neartú agus a chur chun cinn tríd an Limistéar Eorpach Oideachais (LEO), lena n-áirítear tionscnaimh nua, cuir i gcás an Scéim Tacaíochta um Bunscileanna;

- uas-sciliú agus athsciliú lucht saothair solúbtha le haghaidh na n-aistrithe digiteacha agus glasa, lena n-áirítear bearta chun tacú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus leis an uas-sciliú trí shásraí ar nós na scéime píolótaí maidir leis an Ráthaíocht Scileanna a fhorbairt;

- scileanna a scaipeadh ar fud an Aontais d’fhonn iomaíochas a bhaint amach, lena n-áirítear bearta chun soghluaisteacht an lucht saothair a éascú trí aitheantas cáilíochtaí a chuíchóiriú tríd an Tionscnamh um Inaistritheacht Scileanna;

- tallann a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil do thodhchaí na hEorpa trí bhearta, cuir i gcás Gníomhaíocht Marie Skłodowska-Curie ‘MSCA Choose Europe’.

Moltar sa teachtaireacht ón gCoimisiún freisin roinnt spriocanna nua atá le baint amach faoi 2030:

- ba cheart gur lú ná 15 % an sciar de thearcghnóthachtáil sa litearthacht, sa mhatamaitic, san eolaíocht agus i scileanna digiteacha, ach ba cheart gur 15 % ar a laghad an sciar den fheidhmíocht is airde sa litearthacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht;

- ba cheart an sciar de scoláirí atá cláraithe i réimsí ETIM sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint meánleibhéil tosaigh a bheith cothrom le 45 % ar a laghad, agus ba cheart duine as gach ceathrar scoláirí a bheith ina mná;

- ba cheart an sciar de neacha léinn atá cláraithe i réimsí ETIM ar an tríú leibhéal a bheith cothrom le 32 % ar a laghad, agus ba cheart beirt as gach cúigear neach léinn a bheith ina mná;
- ba cheart an sciar de neacha léinn atá cláraithe i gcláir PhD[1] TFC a bheith cothrom le 5 % ar a laghad, agus ba cheart duine as gach triúr neach léinn a bheith ina mná;
- ba cheart go mbeadh 350 000 foghlaimeoir ar a laghad ann ó lasmuigh den Aontas a thagann chun staidéar a dhéanamh agus céim tríú leibhéal a bhaint amach san Aontas.

Moltar creat rialachais nua (mar a leagtar amach san iarscríbhinn) — lena n-áirítear Bord Ardleibhéil Scileanna Eorpacha agus Faireachlann Eorpach um Fhaisnéis Scileanna — chun ceapadh beartas agus cur chun feidhme beartas atá bunaithe ar fhianaise a áirithiú. Tacóidh an Bord agus an Fhaireachlann araon le hobair an Choimisiúin i dtreo Mholadh nua AE-27 maidir le hoideachas agus scileanna, agus na moltaí tírshonracha i dtimthriall an tSeimeastair Eorpaigh.

Le hAontas na Scileanna leagtar amach an t-oideachas agus scileanna mar uirlis straitéiseach don iomaíochas eacnamaíoch. Cé go n-aithnítear na príomhdhúshláin leis an tionscnamh — an meath ar bhunscileanna, ganntanas múinteoirí, agus an gá atá le scileanna digiteacha agus glasa cuirim i gcás — is trí lionsa an mhargaidh saothair den chuid is mó a bhreathnaítear ar an oideachas agus an oiliúint, agus aird níos lú á tabhairt ar luachanna oideachais níos leithne, cuir i gcás forbairt phearsanta agus smaointeoireacht chriticiúil.

Mar sin féin, tá an creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint, a bunaíodh in 2021 agus é mar chuspóir uileghabhálach aige LEO a bhunú, fós ina phríomhchreat chun cur chuige iomlánaíoch i leith an oideachais agus na hoiliúna a áirithiú i ngach comhthéacs agus ar gach leibhéal — ó oideachas agus cúram na luath-óige go dtí an fhoghlaim aosach, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint agus ardoideachas. Dírítear ann ar cúig thosaíocht straitéiseacha, a bhfuil roinnt acu ag teacht le cuspóirí Aontas na Scileanna, agus tá a shraith spriocanna uaillmhianacha féin ar leibhéal an Aontais arna gcomhaontú ag na Ballstáit, ar cheart cúig cinn díobh a bhaint amach faoi 2030, an tráthchlár céanna leis na spriocanna nua a mholtar faoi Aontas na Scileanna:

[1] Teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.

- **Daltaí 15 bliana d'aois nach bhfuil máistreacht acu ar bhunscileanna**

Faoi 2030, ba cheart sciar na ndaltaí atá 15 bliana d'aois nach bhfuil cumas acu sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht a bheith níos lú ná 15 %.

- **Daltaí i ngrád a hocht nach bhfuil cumas acu i scileanna digiteacha**

Faoi 2030, ba cheart sciar na ndaltaí i ngrád a hocht nach bhfuil cumas acu sa litearthacht ar ríomhairí agus sa litearthacht faisnéise a bheith níos lú ná 15 %.

- **Rannpháirtíocht in oideachas agus i gcúram na luath-óige**

Faoi 2030, ba cheart 96 % ar a laghad de leanaí idir 3 bliana d'aois agus aois tosaigh an bhunoideachais éigeantaigh a bheith rannpháirteach in oideachas agus cúram na luath-óige.

- **Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint**

Faoi 2030, ba cheart sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint a bheith níos lú ná 9 %.

- **Gnóthachtáil sa tríú leibhéal**

Faoi 2030, ba cheart an sciar de dhaoine idir 25-34 bliana d'aois a bhfuil oideachas tríú leibhéal gnóthaithe acu a bheith cothrom le 45 % ar laghad.

Tá roinnt sineirgí agus spriocanna comhchoiteanna ag Aontas na Scileanna agus ag tionscnaimh LEO, mar shampla borradh a chur faoi scileanna, faoin bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus faoin tsoghluaisteacht. Mar sin féin, is gá a áirithiú nach sáróidh cur chuige Aontas na Scileanna atá dírithe ar mhargadh an tsaothair cuspóir níos leithne LEO, a chloíonn le bunphrionsabal na gcóras oideachais agus oiliúna ina n-iomláine a chuimsiú, i bpeirspictíocht uilechuimsitheach, iomlánaíoch agus foghlama ar feadh an tsaoil agus é mar aidhm leo a áirithiú go rannchuideoidh na córais sin le comhlíonadh pearsanta, sóisialta agus gairmiúil na saoránach uile agus go gcuirfidh siad luachanna daonlathacha, comhionannas, comhtháthú sóisialta, saoránacht ghníomhach agus idirphlé idirchultúrtha chun cinn.

Is iad scileanna is bunús le geilleagar rathúil iomaíoch, mar sin ba cheart do chórais oideachais agus oiliúna scileanna ardcháilíochta a thabhairt do shaoránaigh ar bhealach uilechuimsitheach, ag tosú le bunscileanna, ar príomhchinntitheach iad maidir le sásamh agus forbairt phearsanta, infhostaitheacht, cuimsiú sóisialta agus saoránacht ghníomhach. Tá bunscileanna litearthachta agus uimhearthachta ríthábhachtach, ach ní leor iad chun cur ar chumas dhaoine aonair déileáil le timpeallacht shocheacnamaíoch atá ag athrú go tapa, agus ní mór na scileanna sin a chomhlánú leis an smaointeoireacht chriticiúil, leis an gcruthaitheacht agus leis an rannpháirtíocht shibhialta.

I bhfianaise na n-iarrachtaí comhthreomhara sin agus chreat seanbhunaithe LEO, atá fréamhaithe go domhain i gcomhar idir na Ballstáit le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, agus chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras agus na mbeartas oideachais agus oiliúna a uasmhéadú, d’fhéadfadh Aontas na Scileanna an LEO a neartú agus a threisiú trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn san oideachas agus san oiliúint, agus chun úsáid éifeachtúil na n-acmhainní atá ar fáil a áirithiú trí aon dúbailt agus ualaí breise riaracháin a chosc.

Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór d’airí oideachais agus do phríomhpháirtithe leasmhara a bheith rannpháirteach go gníomhach i bpleanáil agus i gcur chun feidhme Aontas na Scileanna, chun ailíniú le beartais agus tosaíochtaí náisiúnta oideachais agus oiliúna a áirithiú chomh maith le cinntí fóinteacha, níos eolaí maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí a bhaineann le hoideachas, oiliúint agus scileanna. D’fhéadfaí éifeachtacht an dá chreat (an Limistéar Eorpach Oideachais agus Aontas na Scileanna) a uasmhéadú le cur chuige a chomhordaítear ar fud na mbeartas oideachais agus oiliúna agus a bhaineann le gach earnáil ábhartha — cuir i gcás fostaíocht, gnóthaí sóisialta, an geilleagar agus an earnáil airgeadais. Chosnódh sé sin an cur chuige iomlánaíoch i leith an oideachais agus na hoiliúna a comhaontaíodh in 2021, agus ag an am céanna chuirfeadh sé feabhas ar fhorbairt scileanna.

I bhfianaise an mhéid thuas agus ag cur san áireamh gur gearr uainn an obairathbhreithniúcháin ar an gcreat straitéiseach – lena n-áirítear spriocanna ar leibhéal an Aontais, struchtúr rialachais agus modhanna oibre – ar bhonn na meastóireachta a rinne an Coimisiún ar an gcéad timthriall de LEO, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí a léiriú conas is féidir le hAontas na Scileanna agus leis an Limistéar Eorpach Oideachais oibriú le chéile agus treisiú a chéile chun córais oideachais agus oiliúna atá níos uilechuimsithí agus slán i bhfad na haimsire a chothú ar fud an Aontais chun an infheictheacht agus an tacaíocht pholaitiúil a mhéadú chun torthaí oideachais, oiliúna agus scileanna a chur chun cinn ar an leibhéal Eorpach.

Chun an díospóireacht bheartais a stiúradh, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí freagra a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas is fearr a d'fhéadfadh Aontas na Scileanna agus an Limistéar Eorpach Oideachais oibriú le chéile chun oideachas agus oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta a áirithiú do gach foghlaimeoir, agus an am céanna dúbailt agus ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a shárú?

2. Tar éis an chéad timthrialla den chreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint, cad iad na príomhghnéithe d'Aontas na Scileanna ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh chun tacú le cuspóirí an Limistéir Eorpaigh Oideachais – seachas an fócas a aistriú uathu – agus conas a d'fhéadfaí rialachas a shimpliú chun comhleanúnachas níos fearr agus cinnteoireacht níos tapúla agus níos solúbtha a áirithiú?

An togra ón gCoimisiún Eorpach maidir le rialachas Aontas na Scileanna

